# Puzail Tarsia 2 (Ailgéabar)

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Uimhreas - oibríochtaí<br>Cruth agus Spás - cruthanna déthoiseacha<br>Ailgéabar - uimhreacha treocha, rialacha, airíonna, athróga<br>*Comhtháthú - Teanga, OSIE* |
| **Scileanna Forbartha** | • Cumarsáid agus cur in iúl - na próisis a d'úsáidfí mar aon le torthaí gníomhaíochtaí, fadhbanna agus tionscadal matamaiticiúil a phlé agus a mhíniú ar bhealach eagraithe<br>• Cur i bhfeidhm - straitéisí meabhracha agus bealaí oibre a chumadh agus a úsáid chun tascanna matamaiticiúla a chomhall<br>• Cur i bhfeidhm - bealaí oibre caighdeánacha a fheidhmiú go héifeachtach le huirlisí éagsúla |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | triantán comhshleasach, traipéisiam, heicseagán, cearnóg, dronuilleog, ceathairshleasán, rombas, slios, sleasa, comhionann, teisiliú, réitigh, straitéis, suimigh, dealaigh, roinn, |
| **Áiseanna** | triantáin chomhshleasacha le gearradh amach, siosúr, gliú |

## Cur Síos ar an nGníomhaíocht

Déanann an ghníomhaíocht seo forbairt ar thaithí na ndaltaí ar Ghníomhaíocht Tarsia 1.

### 1 Gníomhaíocht 1

Ina n-aonar nó i mbeirteanna, fiosraíonn daltaí na cruthanna 2T is féidir a dhéanamh nuair a chuirtear triantáin chomhshleasacha le chéile. Úsáidfidh daltaí eagair na gcruthanna seo chun puzal Tarsia bunaithe ar ailgéabar a chruthú. D'fhéadfaí critéir a chur ar fáil chun a chur sna puzail. Mar shampla, d'fhéadfaí iarraidh ar na daltaí roinnt de na rudaí seo a leanas a chur san áireamh:

- uimhreacha diúltacha
- lúibíní
- patrúin
- athróga
- cearnóga nó ciúbanna

Tástálann daltaí a gcuid leideanna chun a chinntiú go n-oibríonn a bpuzal.

### 2 Gníomhaíocht 2

Roinneann daltaí a bpuzail ó Ghníomhaíocht 1 le daltaí eile chun iad a chríochnú. Réitíonn daltaí na puzail agus roinneann siad a straitéisí agus a réitigh. Measann siad na puzail agus smaoiníonn siad ar na rudaí a d'oibrigh go maith, agus ar na rudaí a d'athródh siad.

### 3 Gníomhaíocht 3

Agus iad ag obair ar phuzal ón nGníomhaíocht roimhe seo, fiosraíonn na daltaí na cruthanna is féidir a dhéanamh nuair a chuirtear níos mó triantán comhshleasach leis an bpuzal. Nuair a bheidh an cruth socraithe acu, cruthóidh siad leideanna sa bhreis chun a chur leis an bpuzal. Tugann siad é seo ar ais don chruthaitheoir chun é a réiteach.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Dúnta | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cén cineál triantáin atá in úsáid i do phuzal?<br>• Cad iad na cruthanna a rinne tú?<br>• Cad iad na cruthanna nár úsáid tú?<br>• Cén straitéis a d'úsáid tú? | • Cén áit ar thosaigh tú? Cén fáth?<br>• Conas a bhí a fhios agat go dtéann na píosaí seo taobh le taobh sa phuzal?<br>• Cad é an chuid is dúshlánaí/is éasca faoin ngníomhaíocht seo? Cén fáth?<br>• Cén fáth a síleann tú gur oibrigh/nár oibrigh do straitéis thosaigh?<br>• Cé acu straitéis is éifeachtaí? Cén fáth?<br>• Dá ndéanfá do phuzal Tarsia arís, cad é a d'athrófá agus cén fáth? |

## Difreáil

Socraigh inneachar agus líon critéar agus/nó líon na dtriantán comhshleasach a bheidh mar chuid de na puzail Tarsia de réir thuiscint na ndaltaí. Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.